

Ár bhFeidhmíocht Ag Amharc Siar, Ag Dul Chun Cinn



Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council

Ag freastal ar an Dúin agus Ard Mhacha Theas
Serving Down and South Armagh

San Acht Rialtais Áitiúil (TÉ)
2014, leagtar amach dualgas
ginearálta feabhsúcháin don
rialtas áitiúil. Cuireann an t-acht
iallach ar chomhairlí ceantair
socruithe a bheartú d'fhonn
feabhsú leanúnach a chinntiú ar
a gcuid feidhmeanna.

Ag Amharc Siar

Measúnú ar Fheidhmíocht 2025-26

Gach bliain, éilítear orainn Measúnú Feidhmíochta a fhoilsiú chun a thaispeáint cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh na feabhsuithe a bhí beartaithe a bhaint amach. Déanann an Measúnú Feidhmíochta an dul chun cinn a léiriú in aghaidh na 'measúnaithe ratha' reatha atá le fáil sna cáipéisí a leanas:



- **An Plean Corparáideach 2024-27**
- **An Plean um Fheidhmíocht a fheabhsú 2025-26 (lena n-áirítear na táscairí feidhmíochta agus caighdeáin)**

Rinneadh ár bhfeidhmíocht a rianú in aghaidh spriocanna socraithe agus treochtaí in imeacht ama, de réir na heochrach eolais thíos.

Stádas	Treocht
 Sprioc nó cuspóir bainte amach / ar an chúrsa cheart lena bhaint amach	 Feabhsaíodh feidhmíocht ón bhliain roimhe
 Sprioc nó cuspóir bainte amach i bpáirt/ is dócha go mbainfear amach í/é / faoi réir ag moill	 Tá feidhmíocht cosúil leis an bhliain roimhe
 Níor baineadh an sprioc nó cuspóir amach / ní dócha go mbainfear amach í/é	 Laghdaíodh feidhmíocht ón bhliain roimhe

* Nuair is cuí, cuireadh diall 10% i bhfeidhm i gcomparáid le feidhmíocht na bliana roimhe sin.

Ár gCeantar, Ár nEagraíocht, Ár bhFeidhmíocht



Ceantar

Daonra: 183,115

Tithe: 68,397

7 dToghcheantar

41 Chomhalta Tofa

1,000+ fostaithe

Tá 88% de na cónaitheoirí
sásta leis an Chomhairle

Pobal

Ionchas saoil:

Fir: 79.0 bliain /

Mná: 82.9 bliain

Próifíl Aoise:

Bunaithe ar mheastacháin
lárbhliana NISRA

0-15 bliain: 21.7%

/ 65+ bliain: 18%

Aontaíonn 87% de na
cónaitheoirí go n-éiríonn
daoine ó chúlraí éagsúla go
maith le chéile ina gceantar

Mothaíonn 100% de na
cónaitheoirí slán sábháilte i
rith an lae, agus 78% i ndiaidh
thitim na hoíche

55 Scéim Faire Comharsanachta

£14.27m bronnta ar ghrúpaí tríd
an Scéim Cúnaimh Airgeadais ó
2015 i leith

Turasóireacht

Sa bhliain 2025:

Líon na gcuartheoirí
a d'fhan thar oíche -
427,147

Méid a chaith
cuairteoirí -
£60,817,412

3 Limistéar Sár-
áilleachta Nádúrtha

6 pháirc den 'bhratach
glas' agus 3 thrá den
'bhratach gorm'

CROTLIEVE

SIEVE GULLION

NEWRY



Halla Baile
an Iúir



Ionad Fóillíochta
an Iúir



Dún P



Sláinte agus Folláin

Mothaíonn 82% de na cónaitheoirí go bhfuil siad i sláinte mhaith nó an-mhaith

Bíonn 83% de na cónaitheoirí gníomhach go fisiciúil ar a laghad leathuair sa tseachtain

Tá 73.5% de na custaiméirí sásta leis na sé ionad fóillíochta atá ag an Chomhairle

Taifeadadh os cionn 930,000 freastal íochta ar fud ár 6 ionad fóillíochta le linn 2025-26

Leithdháileadh £225,000 de mhaoiniú cúnaimh airgeadais ar chlubanna spóirt ar fud an cheantair in 2025-26



Geilleagar

Ráta fostaíochta: 78.2%

9,525 ghnó (VAT cláraithe)

Níl cáilíocht ar bith ag 23.1% den daonra os cionn 16+ bliana

236 post nua curtha chun cinn trí ghníomhaíochtaí tosaithe gnó

Tacaíodh le 215 gnó atá ann cheana féin chun a n-uaimhianta fáis agus scálaithe a chur chun cinn



Comhshaol

Tá athchúrsáil tábhachtach do 91% de na cónaitheoirí

An fhadhb is mó dar le cónaitheoirí: salú ag madaí

Ráta athchúrsála: 48.3%

Tacaíodh le 100% d'iarratais ar ghlanadh pobail

An cúigiú leibhéal is ísle i measc Chomhairlí uile an Tuaiscirt maidir le dramhaíl a chur chuig láithreáin líonta talún



Sracfhéachaint ar Fheidhmíocht

Léargas ar an bhliain anuraidh

Cuspóir um Fheidhmíocht a fheabhsú	Dul chun cinn	Stádas Treocht
 Tacóidh muid le sláinte agus folláine mhuintir na háite trí fheabhas a chur ar ár n-áiseanna agus seirbhísí fóillíochta	Méadú 26.7% ar fhreastail íochta ag ionaid fóillíochta na Comhairle	😊 ⚠️
	Méadú 39% ar líon na rannpháirtithe i gcláir sláinte spriocdhírthe	😊 ⚠️
	Leithdháileadh £225,000 de mhaoiniú cúnamh airgeadais ar chlubanna spóirt ar fud an cheantair	😊
	Méadú 11.4% ar líon na mballraíochtaí in ionaid fóillíochta na Comhairle	😊 ⚠️
	4 thionscadal caipitil fóillíochta curtha chun cinn	😊
	Uasghrádaíodh 7 bpáirc shúgartha ar fud an Cheantair	😊
 Fásfaidh muid an geilleagar trí thacú le gnólachtaí áitiúla agus trí phoist nua a chruthú	236 phost nua curtha chun cinn trí ghníomhaíochtaí tosaithe gnó	😊 ⚠️
	Tacaíodh le 12 ghnó nua fiontraíochta sóisialta agus cruthaíodh 16 phost nua fiontraíochta sóisialta	😊 ▶️
	188 ngnóthas nua cruthaithe mar thoradh ar thacaíocht	😊 ⚠️
	Tacaíodh le 215 ghnó atá ann cheana féin le fás agus uaimhianta scálaithe a chur chun cinn	😞 ▶️
 Déanfaidh muid glaineacht ár gCeantair a fheabhsú trí dhul i ngleic le caitheamh bruscair, le dumpáil mhídhleathach agus le salú ag madraí	35 fhógra um pionós socraithe eisithe agus 32 íochta	😞 ⚠️
	Íocadh 91% de na fógraí um pionós socraithe go léir a eisíodh	😊
	Tacaíodh le 100% d'iarraitais ar ghlanadh pobail	😊
	Laghdaíodh an ráta athchúrsála, go 48.3%	😞 ▶️
	Méadú ar an méid Dramhaíola Bardais In-bhithmhillte a chuireann an tÚdarás Áitiúil chuig láithreáin líonta talún	😊 ▼
	Tacaíodh le 10 dtionscadal comhshaoil 'Live Here, Love Here'	▼

Cuspóir um Fheidhmíocht a fheabhsú	Dul chun cinn	Stádas Treocht
 Feabhsóidh muid ár n-inbhuanaitheacht agus laghdóidh muid ár dtionchar maidir le hathrú aeráide.	1 fheithicil amháin laistigh d'fhlít na Comhairle a bhfuil foinse breosla malartach aici Tacaíodh le 0 pointe luchtaithe EV de chuid na Comhairle a shuiteáil 78% d'Fhlít na Comhairle níos óige ná 8 mbliana Bunaíodh bonnlíne i leith Astaíochtaí do Cheantar an Lúir, Mhúrn agus an Dúin agus is ionann é agus 5,246 tCO₂e (tonaí coibhéise CO₂). 2,800 crann curtha ar eastát faoi bhainistíocht na Comhairle	☹️ ☹️ 😊▶️ 😊 😊△
 Feabhsóidh muid na hamanna próiseála d'iarraais phleanála agus cásanna forfheidhmiúcháin trí Chlár Feabhsúcháin na Seirbhíse Pleanála a chur i bhfeidhm	Le linn 2025-26, fuair an Chomhairle an dara líon ba mhó iarraitas pleanála as a measc na 11 Chomhairle, taobh thiar de Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste. Mhéadaigh an t-am próiseála d'iarraais pleanála áitiúla ó 45.2 seachtain in 2024-25 go 45.8 seachtaine in 2025-26. Mhéadaigh an t-am próiseála do mhór-iarraais phleanála ó 29.6 seachtaine in 2024-25 go 58.8 seachtaine in 2025-26. Mhéadaigh céatadán na gcásanna forfheidhmiúcháin a ndearnadh dul chun cinn orthu laistigh den sprioc-am reachtúil faoi 10.4%, ó 47.6% in 2024-25 go 58.0% in 2025-26. Mhéadaigh líon na n-iarraitas pleanála atá sa chóras le 12 mhí nó níos mó ná sin, ó 408 ag deireadh na bliana 2024-25 go 519 ag deireadh na bliana 2025-26. Mhéadaigh líon na gcásanna forfheidhmiúcháin atá sa chóras le 12 mhí nó níos mó ná sin, ó 574 ag deireadh na bliana 2024-25 go 644 ag deireadh na bliana 2025-26.	😊 ☹️▶️ ☹️▼ ☹️△ ☹️▼ ☹️▼

* Tá figiúirí 2025/26 fós mar dhréacht, agus cuirfear na sonraí deiridh ar fáil i ndiaidh na monatóireachta agus an fhíoraithe sonraí a dhéanfaidh BCC, príomh cheannaire Go Succeed.

** Tá na sonraí 2025-26 i ndáil leis na táscairí feidhmíochta reachtúla do bhainistiú dramhaíola fós sealadach, mar ní fhoilseoidh DAERA na sonraí deiridh bailíochtaithe deireadh bliana go dtí R3 2026-27.

Ag Dul Chun Cinn

Cuspóirí um Fheidhmíocht a fheabhsú 2026-27

Gach bliain, éilítear orainn cuspóirí um fheidhmíocht a fheabhsú a leagan síos le haghaidh na seirbhísí a chuireann muid ar fáil, agus socruithe a chur i bhfeidhm chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Leis na cuspóirí sin, déantar iarracht tabhairt faoi na saincheistanna is tábhachtaí do dhaoine áitiúla, agus tá na cuspóirí sin:

Nasctha leis an Phlean Pobail, leis an Phlean Chorparáideach agus le Pleananna Gnó Stiúrthóireachtaí



Bunaithe ar fhaisnéis maidir le feidhmíocht



Ag teacht leis na seacht ngné straitéiseacha maidir le feabhsú



Bunaithe ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus ar a rannpháirteachas



Cuspóir 1

Tacóidh muid le sláinte agus folláine mhuintir na háite trí fheabhas a chur ar ár n-áiseanna agus seirbhísí fóillíochta.

An méid a fheicfidh tú:

- Méadú go 898,000 ar na tinrimh íochta sna sé ionad fóillíochta againn roimh dheireadh 2026-27.
- 16,500 duine ag glacadh páirte i gcláir sláinte spriocdhírithe ar fud an Cheantair
- Taifead de 9,500 ballraíocht in ionaid fóillíochta
- Uasghrádú ar 2 pháirc shúgartha
- Dul chun cinn déanta ar 7 thogra caipitil fóillíochta, nua-thógtha agus/nó uasghrádaithe lena n-áirítear: Ionad Fóillíochta Chill Chaoil, Páirc Chathair an Iúir, Ionad an Chaisleáin Nua, Mol Ilspóirt Ruadh Álainn, Mol Ilspóirt Chrotsléibhe, Mol Ilspóirt an Iúir agus Linn Charraige an Chaisleáin Nua
- Luach £225,000 cúnamh airgeadais curtha i leataobh do chlubanna spóirt trí thograí caipitil.
- Creidiúnú míchumais bainte amach i suíomh sraithe 1 aitheanta.
- Taifead de 30,000 cuairt ar Mhol Ilspóirt Pháirc Dhónairt.



Cuspóir 2

Cuirfidh le fás an gheilleagair trí thacú le gnólachtaí áitiúla, cruthú poist agus slite isteach san fhostaíocht.

An méid a fheicfidh tú:

- 279 bplean gnó cruthaithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontair fostóirí
- Breis agus 700 rannpháirtithe i mbun gníomhaíochta faoi choimirce 'Go Succeed'
- Tacaíocht do 188 ngnólacht reatha le fás agus forbairt agus le huaillmhianta scálaithe a chur chun cinn
- 173 phost curtha chun cinn trí ghníomhaíocht le gnólachtaí nuathionscanta.
- Tacaíocht do 12 fhiontar sóisialta nuathionscanta agus 12 phost fiontar sóisialta cruthaithe
- Tacaíocht dhíreach tugtha do 250 rannpháirtí i dtionscnaimh conairí fostaíochta
- Tacaíocht leanúnach do ghnólachtaí nua agus do ghnólachtaí atá ann cheana
- Tacaíocht leanúnach i dtaca le fás deiseanna fostaíochta nua
- Tacaíocht leanúnach i dtaca le margadh fostaíochta a fhás atá saibhir agus gníomhach ó thaobh na heacnamaíochta de



Cuspóir 3

Déanfaidh muid glaineacht ár gCeantair a fheabhsú trí athchúrsáil a chur chun cinn, chomh maith le dul i ngleic le caitheamh bruscair, le dumpáil mhídhleathach agus i gcás salú ag madaí

An méid a fheicfidh tú:

- Méadú ar líon na bhfógraí um pionós socraithe arna n-eisiúint agus arna n-íoc
- Úinéireacht fhreagrach madaí agus leibhéil laghdaithe de shalú ag madaí, de chaitheamh bruscair agus de dhumpáil mhídhleathach
- Deiseanna feabhsaithe chun salú ag madaí a thuairisciú agus limistéir mhóra imní a aithint chun patróil forfheidhmithe a dhíriú
- Laghdú i ndiúscairt péinte ónár n-Ionaid Athchúrsála Tí
- Deiseanna chun páirt a ghlacadh i nglantacháin phobail
- Ardú feasachta maidir lenár dteachtaireacht ar cheisteanna timpeallachta amhail athchúrsáil, salú madaí agus caitheamh bruscair
- Laghdú ar bhoscaí bruscair á gcur thar maoil agus ar líon na mbailiúcháin bruscair sráide
- Ceantar níos glaine, níos glaise agus mórtas saoránaigh agus pobail feabhsaithe a bheith ann



Cuspóir 4

Laghdóidh muid ár dtionchar maidir le hathrú aeráide trí astaíochtaí carbóin a ghearradh siar agus trí éifeachtúlacht ár bhflít agus ár bhfoirgneamh a fheabhsú.

An méid a fheicfidh tú:

- Straitéis na Comhairle maidir leis an Athrú Aeráide agus Forbairt Inbhuanaithe seolta agus foilsithe.
- Plean na Comhairle um Oiriúnú don Athrú Aeráide foilsithe
- Measúnuithe bliantúla ar lorg carbóin na Comhairle agus ar aschur fuinnimh in-athnuaite déanta agus tuairiscithe.
- Laghdú ar lorg carbóin na Comhairle.
- Méadú ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite na Comhairle.
- Cur i bhfeidhm leanúnach ar chlár athsholáthair flíte na Comhairle.
- Laghdú ar astaíochtaí feithiclí ó fhlít na Comhairle trí aistriú go HVO (plandola hidreachóireáilte)
- Feithiclí leictreacha nua ag feidhmiú laistigh de fhlít na Comhairle.
- Pointí luchtaithe nua d'fheithiclí leictreacha suiteáilte / lonnaithe ar fud an Cheantair.



Cuspóir 5

Feabhsóidh muid na hamanna próiseála d'iarratais phleanála agus cásanna forfheidhmiúcháin trí Chlár Feabhsúcháin na Seirbhíse Pleanála a chur i bhfeidhm

An méid a fheicfidh tú:

- Seirbhís pleanála níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí
- Tréimhse próiseála feabhsaithe maidir le hiarratais pleanála áitiúla agus mór-iarratais phleanála
- Tréimhse próiseála feabhsaithe maidir le cásanna forfheidhmithe pleanála
- Laghdú ar líon na n-iarratas beo ar chásanna phleanála agus fhorfheidhmithe sa chóras
- Seicliosta bailíochtaithe curtha i bhfeidhm agus feabhas curtha ar an am próiseála chun iarratais phleanála a bhailíochtú.
- Fórsa saothair cumhachtaithe agus spreagtha.
- Muinín mhéadaithe sa chóras Pleanála.
- Forbairt inbhuanaithe agus athghiniúint an Cheantair.
- Athbhreithniú ar na hionadaíochtaí a rinneadh le linn na tréimhse comhairliúcháin don Dréacht-Straitéis Phleanála.
- Cúrsa oiliúna forbartha d'fhoireann agus do chomhaltaí na Comhairle i gcomhar leis an Roinn Bonneagair (DfI).
- Straitéis forfheidhmithe na Comhairle athbhreithnithe agus comhaontaithe.

Do Dheis Labhartha

Cuireann muid fáilte roimh do chuid aiseolais agus do mholtaí maidir le seirbhísí na Comhairle a fheabhsú sa todhchaí. Tá cóipeanna iomlána de na cáipéis a leanas ar fáil le híoslódáil ónár láithreán gréasáin www.newrymournedown.org:

- **An Plean um Fheidhmíocht a fheabhsú 2026-27**
- **Measúnú ar Fheidhmíocht 2025-26**

Tá an cáipéis seo ar fáil i bhformáidí eile ar iarratas.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Feidhmíocht agus Feabhsú
Comhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin
Teach Mhic Craith
Cearnóg Margaret
An tIúr
BT34 1JA

Teileafón: **0330 013 2233**
Ríomhphost: performance@nmandd.org

0330 137 4000
info@nmandd.org
www.newrymournedown.org

 facebook.com/nmdcouncil

 x.com/nmdcouncil

Oifig an Iúir
Newry Office
O'Hagan House
Monaghan Row
Newry BT35 8DJ

Oifig Dhún Pádraig
Downpatrick Office
Downshire Civic Centre
Downshire Estate, Ardglass Road
Downpatrick BT30 6GQ



Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council